
Coirib go Cósta
Scéim Faoisimh Tuilte Chathair na Gaillimhe
Galway City Flood Relief Scheme

## Rannpháirtíocht Phoiblí - Lá Uimh.2

# Forléargas ar na Cláir




## Cad é an Caighdeán Cosanta (SoP)?

Tagraíonn an Caighdeán Cosanta (SoP) a bhaineann le scéim faoi leith do mhéid na tuile, a shainmhínítear go minic leis an Dóchúlacht Sáruithe Bliantúil (AEP), a bhfuil bearta / oibreacha beartaithe leagtha amach ina leith d'fhonn cosaint a thabhairt don limistéar atá i mbaol tuilte. Is é sprioc SoP do **Coirib go Cósta | Scéim Faoisimh Tuilte Chathair a Gaillimhe** cosc a chur ar thuile i réadmhaoine le linn eachtraí tuilte abhann le AEP 1% agus AEP 0.5% le linn eachtraí tuile cósta .

Áirítear leis na cosaintí atá beartaithe lámháltas saorbhoird le go mbeadh lamháil sa dearadh do nithe neamhchinnte. Bíonn éagsúlachtaí sa lámháltas seo chun an méid neamhchinnteachta agus an cineál cosanta atá i gceist a léiriú.

**Maidir le limistéir atá i mbaol Tuilte Abhann**

| Dóchúlacht Sáruithe Bliantúil | An Dóchúlacht go dTarlódh Eachtra in aon Bhliain ar leith | Tréimhse Athfhillte (Blianta) |
|---|---|---|
| 1% | Seans amháin as 100 | 100 |

**Maidir le limistéir atá i mbaol Tuilte Cósta (Tuilte Taoide agus Scaileogú)**

| Dóchúlacht Sáruithe Bliantúil | An Dóchúlacht go dTarlódh Eachtra in aon Bhliain ar leith | Tréimhse Athfhillte (Blianta) |
|---|---|---|
| 0.5% | Seans amháin as 200 | 200 |

### Plean na Scéime um Oiriúnú don Athrú Aeráide

Ullmhófar Plean um Oiriúnú don Athrú Aeráide (SCCAP) don scéim a roghnaítear ina n-aithneofar an straitéis chun cloí le SoP na scéime i gcás go dtiocfadh méadú ar an mbaol tuilte foircneacha amach anseo. Áirítear leis na straitéisí a bhféadfaí leas a bhaint astu:

- Baineann an cur chuige 'Oiriúnaitheach' i ndáil le cúrsaí dearaidh le beart a fhorbairt nó a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar an réimeas tuilte reatha, ach ina n-áireofar feabhsú nó leasú ar chostas íseal a cheadú chun aghaidh a thabhairt ar réimis tuilte a d'fhéadfadh bheith i gceist amach anseo; nó
- Baineann cur chuige 'Réamh-mheasta' le dearadh de réir réimeas tuilte a d'fhéadfadh bheith i gceist amach anseo. D'fheadfaí é sin a chur i bhfeidhm i gcás nach bhfuil oiriúnú don bheart ar chostas íseal indéanta; nó
- Meascán den dá chur chuige. Moltar faoi láthair glacadh le cur chuige réamh-mheasta i ndáil le cosaintí i limistéir a mbíonn tionchar ag tuile cósta orthu. Tríd an lamháltas roimh ré seo i leith athrú aeráide, cinnteofar go mbeifear in ann cloí leis an sprioc SoP níos faide anonn sa todhchaí.

Mar chuid den scéim atá beartaithe, suiteálfar stáisiúin chaidéalaithe go cuí chun aon bhaol a laghdú go gcruinneodh uisce ar chúl na gcosaintí atá beartaithe.